


Eachtra lomnochtain
Eachtra lomnochtain

PB
1397
E187
1920Z



From the Library
of
PÁDRAIG Ó BROIN

ΕΔΩΤΡΑ ΛΟΜΝΟΩΤΑΙΝ

ΔΩΤΑ ΚΩΤΕ ΤΙ ΕΩΣΑΝ ΛΕ

HEOM MAC NEILL, B.E., D.LIT.



CONRAD NA ZAEOTLZE

TO CUIR AMAC

DANE AETA CUIAT



ΤΙΟΤΕΟΝ ΟΙΓΙΩΤ :

ΤΟΜΕΩΣ ΟΙΩΣΑΔΑΙΣ ΠΑΠΕΥΕΑΝ, ΕΔΑ.

ΔΕ ΕΙΤΑΟ ΑΣΥΒ ΕΠΙΟΑΙΣ






Eachtra
EACHTRA

LOMHOCTÁIN

anna cur in easáir le
neoin mac néill, b.e., d.lit.

CONRAD NA SAEÖILGE
DO CUIR AMAÉ
Daile Áta Cliaé

Díoltóir Oifigiúil :
Comluéct Oideacais na hÉireann, T.A.
— — — — —
áé cliaé agus corcais



PB
1347
E184
1920z

Foilsíod an téacs seo den céad uair, mar aon le
naistriúcan Béarla, in Irisleabhar na Gaedilge, Imleabhar
VIII-IX, 1897-99. Cuireadh atcío ina dhiaid sin air agus
foilsíod i bfoirim leabhair é. Níl aon atriú déanta ar an
téacs san eagrán seo ac na dearmaid cío a ceartú.

NEAMHÁ

Tá tuairim is tríocha lámhscríbhinn ann ina bhfuil leagnaíochtaí d'Eacra Lomnoctáin. Tá cuid mait acu nac bhfuil iontu ac bliúire den scéal. Sa gcuid eile, is é an léasán gearr (as tríochú ag deireadh. \$50 den téacs seo) is coitianta. Timpeall 1740 a scríobadh an lámhscríbhinn, 14.5 me acu agus scríobadh an ceann is deireannai díob timpeall 1860. I gcúige Muman a scríobadh an cuid is mó acu, ac tá cupla ceann ann ó Chúige Uladh, ó Chúige Connacht agus ó Chúige Laigean.

Is cosúil ó Lionmáire na. Lámhscríbhinní gur scéal é Eacra Lomnoctáin a taitníis go mór le daoine idir an t-ochtú agus an naoú haois déag. Den aontas, b'féidir, ar léiteoirí an lae inniu gurb amhlaidh a bhí. Ac ní mór cuimhneamh ar dá rud le breitiúnas coir a tabairt ar scéal den cineál seo. Is iad sin—an difríocht idir an dá linn, agus an mod ar scaipeadh an scéal.

Táinig achrú saoil, nac dtuigtear a méid de gnát, in Éirinn sa leat deiridh den naoú haois déag. Is iomaí údar a b'féidir a lua leis an achrú sin—an gorta, na gluaiseachtaí polaitiúchá (go háirithe cogadh na talún), an t-achrú sna bealaig taistil, na scola " náisiúnta ". Da deacair liosta iomlán de na fáctanna leis an achrú sin a tabairt, ac b'féidir gurb é leatnú an Véarla agus, lena cois sin, lagadh na Saeilge an fáct is mó díob. I dtús na naoú haoise déag bhí an Saeilge dá tabairt mar gnát-ceanga i ngach páirt den tír, fiú ar tórainn Baile Átha Cliath. Fá deireadh na haoise bhí an Saeilge brúite siar go dtí contaete an iarthair—Saeilteacht an lae inniu—agus bhí an Véarla tagtha ina háit. Leis an mVéarla glacadh a deag nó a mór le nósmaireacht agus le caighdeán litearta an Véarla.

In éineacht leis an achrú sin, achrú mí-nádúrta, féadaimis a rá, bhí an t-achrú nádúrta ann a bhí i ngach tír ó aois go haois : achrú sa rud a tugas taitneamh do na daoine sa tír, go háirithe i gcúrsaí litríochta agus ealaíon.

Ná déanaimis dearmad den dara pointe ac oireadh. Ní hé an éad a léití na scéalta seo mar léimide anois iad. Is amhlaidh a hinsítear de glór déil iad, mar hinsítear a léiteoirí fós i bpáirteanna den tír. Bíonn brí sa bhocal a cloistear dá inseacht nac mbíonn sa bhocal a léitear.

Ag an am céanna ní bíonn an cluas dom gear leis an tsúil. Ní miste léi an t-átrá.

Luath céana go raibí dá leagan ann den scéal seo, an ceann atá i gcló sa leabhar seo, agus ceann a chríochnaíos ag deireadh §50 den leabhar seo. Ós coitianta an leagan gearr sna lámscríbinní, is cosúil gurb é ba coitianta dá aithris. Scéal iomlán é ann féin. Ac is é ruo atá sa leagan fáda chuasaóct de scéalta gearra curta i n-iaid a céile gan dá gceangal le, céile ac snáite caol. Is furasta a shamhú go bfuasfaí an scéalai ar lár iad nó go gcuirfeadh sé isteach iad do réir mar beadh an t-am nó an áoi feiliúnaí aige cuise. De ghnáth is dóca nár innis sé ac an leagan gearr. U'féidir, go deimhin, gurb é an leagan gearr sin an scéal bunaid fá Eactra Lomnoctáin (is ar éigin atá tagairt do Lomnoctáin ná don Oileán Oilpe ó §51 amach), agus gur cuireadh na mion-scéalta eile leis do réir a céile do réir mar o'feil sé fad a baint as.

Sampla maith é an scéal seo de na scéalta fíannaíochta. Níl sé dom maith, áfach, leis an gcuid is fearr acu. Tá rian an meata air. Do réir mar bí an sean-léann ag imeacht bí an acmáinn litríochta ag dul i laige. Tá sin le feiceáil ar na scéalta a scríobadh, mar scríobadh Eactra Lomnoctáin, nuair a bí an sean-léann ag titim. Is beag de cumas ná de snastaíocht na sean-litríochta a bíos iontu.

ÉAMONN DE HÓIR

EACTRA LOMNOCTÁIN AN tSLÉIBE RÍFFE

AON DE LAETIB DÁ RAIB FIONN MAC CUMAILL agus maite agus mór-uaisle na féinne mar aon leis, as amarc ar éuan leathan-mór lán-aoidinn luimniú, agus is é fáil fáil dtáinig ann an lá sin, fíos agus aisling do conaic Fionn an oíche roimhe sin, .i. go dtiocfaid ollpiast mára i dtír ann agus go sloisfead dá dteirín na catraic ina craos. A haitle na haislinge sin do dúisigh Fionn as a coidla, agus do smaoinigh gurb eacetrannaic nó allmuraic do dtiocfaid i dtír ann.

2. Iomtúsa fínn, téid arna máraic d'ionsaí luimniú éun gléas coimeádta do éur ar an gcuan agus ar cáthair luimniú ar-éana, agus do éur tionsól agus tiomsú ar maiteib Muman ; agus ar dteac i láthair dóib, téid i ndáil comhairle, agus is i comhairle do críochnaíod leo, naonúr de maiteib agus de mór-uaisleib na féinne do éur as cumtad an éuan go cionn coicis, agus i gcionn na ré agus na haimisire sin a gcóilíon eile do éur ina n-áit, agus leanúint den ordú sin go cionn bliana, go n-imeod brí na haislinge sin mar ba gnátaic ; agus as seo anmanna an naonúir laoc do fágaod as coimead an éuan an t-am sin—Soll glan-béimeannaic mac Morna, Sár Sár-foltaic mac Morna, Oscar an-glonnaic mac Oisín, Diarmaid déid-geal dteac-solais ó Duibne, Glas mac Doncearda Déarra, Faolán fearga mac fínn, Liagán luaimneac ó luathair Déagair,

ART ÓG MAC MÓRNA, AGUS FEAR MILLTE AGUS MÓR-
BUARCA SAÇA CUIDEACTAN, .i. CONÁN MAOL MAI-
LAECTAC MAC MÓRNA.

3. CÍO TRÁCT, CEILIÚRAID FÉIN AGUS FIONN DÁ
CÉILE, AGUS ÉUAIG SOL AGUS A CUIDEACTA AG
GLACAD AEIR AN ÉUAIN ÉUR-BÁIN ; AGUS AR
IMBEIT AG TAISTEAL AN ÉUAIN DÓIB, DO CONAICEADAR
AN BARE BEANNAÉ CUCU SAÉ NÓIREAC, AGUS NÍOR
STADAD LÉI DEN RUACTAR SIN SUR SAÉ CALAFORT
OS A SCOMAIR ; AGUS AN T-AM DO SILEADAR
IOMAD CURAD AGUS CATMÍLE DO TEACT AISTI,
NÍ FEACADAR AC AON ÓGLÁC BA MÓ UAMHAIN AGUS
URGRÁIN D'FEARAIB NA CRUINNE. ÓIR IS AMLAID
BÍ AN T-ÓGLÁC SIN, NÍORB AIRDE SEOL-ÉRANN
LOINGE LÁN-MÓIRE NÁ SAÉ LORGA LEIS, AGUS
NÍOR ÉAOILE LORGA CAORAC NÁ SAÉ LORGA CRUAID-
CUISEANNAÉ DÓIB, AGUS NÍOR LEITNE BÉAL BÁID
NÁ BEAG-LOINGE NÁ AN DÁ SPÁIG LEATHA DO BÍ
AR AN DÁ LOM-LORGAIN DO BÍ FÁN ÓGLÁC SIN,
AGUS NÍOR MÓ MAOILINN MAOL-ÉNOIC NÁ AN CEANN
CLUAS-LOM DO BÍ AIR, AGUS AN BÉAL DO BÍ AIR
LÁN D'FIACLAIB FADA BUNÓRTA ; AGUS DO ÉRIALL
CUCU FÁN DTOICÉIM SIN, AGUS GÉ SUR GEARR UACTU É,
IS FADA DO BÍ SÉ AG TEACT DÁ N-IONSAÍ LE TROIM-
EACT A ÉINN AGUS ANBAINNE A ÉOS, AGUS AR
DTEACT INA LÁTAIR DO ÉROM A ÉEANN AGUS D'FEAC
A GLÚN AGUS DO ÉLAON A ÉOLANN, AGUS DO BEAN-
NAIG TRÍNA DÉITIB ADARCA DÓIB MAR AN SCÉANNA.

4. DO LABDAIR SOL AGUS IS É RO RÁIG, “ Cé
tú, nó cá hainm atá ort, a fíir móir ? Nó
cé tú féin d'folaib uaisle nó anuaisle an
domhain ? ÓIR IS UAMHAIN ANAITHID LINN DO
DEALD AGUS DO DÉANAM, ÓIR NÍ FACAMAR T'INNEALL
NÁ T'ÉAGOSG AG TEACT DON TÍRSE RIAM, AGUS

níor síleamar do leitéid do deit ar droim talún ”.

5. “ Ní ar olc leatsa táinig mé don tírse, a rí-míle ”, ar sé, “ ac ar maite leat féin agus le fiannaib Éireann uile, óir is ionmáin liom fianna glan-áille Sael, ac go háiríte tusa agus clann t’atar, de b’rí go raib mé bliain agus trí píeíd ag iompar scéite agus claidhíní doo sean-atair agus a cómpad eile doo atair, agus fuaireas ór agus ionmhas, seoirde maoinne agus mór-saibreas uachtu, agus atá mo dóitín de gac uile maiteas saolta agam anois, agus mé féin agus mo baincéile ar gcaiteam deiridh ár n-aoise agus ár n-aim-sire, agus gan de clainn ná de shliocht beo agaimn ac don iníon, agus go bfuil an iníon sin ar mnáib áille an domáin ; agus is é is mian liom anois tusa agus a bfuil ic focair anso d’fiannaib Éireann a tabairt liom don áras cónaite ina bfuilim, óir ní cian ón gcuan so é, agus gac ór agus gac ionmhas dá bfuil agam mar don lem iníon a tabairt do thúine éigin d’uaisliú na féinne, agus mo dóitín a deit agam féin dá n-éis ; agus dom dóig níl rí ná plaic san domán nac bfuil a díol de mnáoi agus de spré iontu, agus in oileán mara bím, agus is mé féin is triac agus tiarna air.

6. “ Agus is amlaíó tarla dom an t-oileán sin d’fáil, an t-am do bí t’atair agus drong d’fiannaib Éireann maille leis ag gabáil ceannais na scríoc agus ag tabairt iartair an domáin fá smaect agus fá ard-íos d’fearaib Éireann ; agus ag fillead thúinn abaille, d’éis an ard-íosa sin a tobac go mbua-coscar,

tarla sinn san oileán i mbímse, agus do cónaíomar tamall ann do éur scíosa agus anró dinn, óir do taitniḡ aer na háite linn. Agus is í comhairle do críochnaíod linn, mise o'fásáil as coimeád na háite sin, maille leis an ionmhas do túsamar as críochaib iméiana an domáin o'fásáil i dtaisce asam fad comhairse, a ḡoil, nó go dtiocfaod dois agus oirbheart duit, óir ní raibais ac in dois do trí mbliain an t-am sin; agus níorb fada o'éis teacht in éirinn dot aḡair go bfuair sé bás, agus o'éirig imreasán idir maicib Connacht timpeall ceannais na críche, go ndeachaig áitreab an oileáin as a gcumhne, agus o'fán asamsa ó sin i leit."

7. Ansin do labhair Diarmaid ó Duibne agus is é adúirt, "An í sin dealb agus déanam do bí ort an uair sin? Óir is ionad liom triat nó tiarna sa domán a tadbairt tuillme nó tuarastail dot leitéid o'ainmí ancumta, agus go háirite rí Connacht as a raib ionad curad agus catmíle ar a cumas péin, agus pós is ionad liom seoid ná maoin, inis ná oileán sa domán o'fásáil ar cumas don duine amáin, agus go háirite ipreannac diablaí mar tusa, agus sílim, má tá an iníon mar do beir tú tuairisc uirtí, nac tusa a haḡair ná do macasamla o'ainmí."

8. "Ná habair sin, a mic uí Duibne," ar Conán, "óir níorb féidir don duine ins an saol so do tḡad do b fearr dá coimeád ná é, óir ní bead aise ac seasam i radarc an cuain, agus níl cablaac ar bit do cífead é nac racad le gealtaióct, le sceimle agus le scanrad roime; ac i gcás scéite o'iompar dom aḡairse ná dom sean-aḡair, ní dearna,

agus fós nior éuir a cos ar talamh na hÉireann
riamh agus inniu. Sió ea racatosa don loings,
agus má tá an t-oileán mar do bheir sé teist
air, atá cuito dá comhairtáib sa loings."

9. Nior éuir an t-atac suim sa bfeair maol,
ac u'freaḡair Diarmaid, agus adúirt, "Ní
hamlaio tá, a Diarmaid," ar sé, "óir ní
hi sin dealb ná déanamh do bí ormsa an uair
sin, agus ní mó fásad im donar san oileán mé,
óir do fásad naonúr de gliairibh glan-ḡaiscióca
ḡníomh-éactaca im focair ann, agus fós do bí mé
féin ós álainn ildealbác an t-am sin, agus
ḡail ḡaisce agus ḡníomáct ionam. Sió ea
nior tarla bean as don tuine den deichniúr
ac asamsa, agus is í comhairle rinneodar
eatarthu féin feall a déanamh ormsa agus an
bean a beir acu féin.

10. "Do críochnaioḡ an comhairle sin leo
agus do ceapadar oíce áiríte cun báis u'imirt
ormsa, agus is é gléas báis do cuireadar
orm, ionas nac ḡráinfead an bean iad trím
bás, .i. luidhe agus lusa nime fuaireadar
san oileán u'ullmú dom, do béarfaḡ mo bás
amail ḡur bás de táim do ḡeobainn. Do
rinnead amhlaiḡ sin agus u'fásadar an deoc
nime ar slí a hólta asam sa ḡcorn as ar ḡnáctac
liom deoc u'ól ar noul a coidlaḡ dom.

11. "Do bí an corn lionta ar taobh na
leapa san oíce agus idim deoc as, agus ráinig
dom mhaol ḡur ḡad rabartas carta í, agus
u'iarr an corn ormsa, ḡo n-idead deoc as.
ḡugas-sa sin di. Cio tráct, ar n-ól na tí
uúinn do chuaiḡ ár ḡciall agus ár ḡceatofai
uainn, ár neart agus ár mbrí, agus ticeamar
araon i uataisib agus i uatáinnéallaid báis

agus buan-oidiú ; agus ar dteacht na maidne, táinig drong acu isteach d'féachain an rabas-sa marb, nó conas do bí poighe na mná d'éis mo báis, agus is amlaíó fuairéadar sinn aradon marb. Téir gus an muintir eile agus insir sin doib.

12. “ Gabaidh ansin as aifeardh a céile trí bás na mná, agus trí feall do déanamh ormsa agus gan an bean a beir acu dá barr. Táinig de sin gur gabadar as tuarchain a céile gur comhiteadar uile bonn le bonn ar an láthair sin, agus ní raib neac fir ná mná beo san oileán ac an iníon atá agamsa do bí i gcionn a cúis mbliain, agus mise agus mo bean do bí i riocht buan-éasa báis. Cíó trácht, do bámar trí lá ar an ordú sin, agus an iníon as truaig-éamh os ár gcionn, agus i gcionn na ré sin táinig motú anma ionainn agus luail beo inár mballaiú, agus do tug an iníon bia agus deoc éugainn agus táinig an riocht so orainn, agus atáimid amlaíó ó sin i leith.”

13. “ Más ea,” ar Diarmaid, “ conas do geib sib bia nó deoc agus gan san oileán ac tú féin agus do bean agus t'iníon ? ”

“ Atá de méir torad agus tábaict an oileáin dá mbeirís fir Éireann ann go bfaigirís a n-óráin bíú agus dí ann,” ar an t-atac.

“ Siú maic a n-abair tú,” ar Diarmaid, “ ní mólaim féin dul ar t'iontaoiú, ná do bia ná do deoc a blas, óir ní measaim gur tuine cóir tú agus is é mo tuairim gur tú fáct na haislinge do taispeánaíó timpeall an éuain seo, .i., ollpiast aduafar, óir ní h-inneall tuine atá ort.”

14. Dála Conán do éuaig d'ionsaí na loinge' agus ar rochtain ann dó, d'éirig de léim lúfair lan-éadroim d'urlannaib a slea agus de éran-naib a éraoiseac, gur gab leitead a dá donn d'urlár na loinge, agus céir síos inti, agus dob Alainn lena feiscin í, agus do bí inti iomad de liasaib lán-tsoilseaca, agus de clocaib uaisle tíre na nínbeas nórta, agus ní dob ansa le Conán ná iad sin uile, mórán de diaib saora so-éaife agus de deocaib so-blasta so-óla, agus do gab as tiomsú agus as tacar gaca dea-bíó dá bface ann fána díceall, agus ar mbeir dó sác d'éirig ar corr tosaig na loinge agus do scairt agus do liúig ar Diarmaid, ar Oscar agus ar Söll agus ar cáic uile, dá rá leo teact don loing, agus nac rabdar in aon áit riamh dob doibne, agus muna dtiocfaois go raead féin don tír ó dtáinig an long sin, agus nárb fearr leis ní dá dtiocfaó de ná olc agus imreasán.

15. D'éiríodar an drong dea-laoc sin agus do trialladar eum na loinge, agus Diarmaid ó Duibne as toirmeasc an turais sin orthu, ac níor gabadarsan uair é, ac triall rompu; agus ar ndul istead dóib sa loing, dob ionad leo an mór-éadail do fuairéadar inti agus feabas an bíó agus na dí fuairéadar rompu ann. Do caiteadar a leor-dótain de nuagaca bíó agus de sean gaca dí, agus do labair Diarmaid agus is é adúirt, "Síb cartannac tusa linn, a ógláic, ní bfuairéamar fíos t'anma uait fós, ar son an éuiríó seo a tabairt dúinn."

16. "Lomnoctán an tSléibe Ríffe is ainm dom," ar sé, "agus ó ériocaib áille na

hAfraice dom." "Dar mo cúbais," ar Diarmait, "is beas dár scaraithe sna críochaib sin, óir is minic a tugamar ár agus easpa ortu, agus loisceamar a ndúnta agus a ndéabailte, agus is ionaó liom don a teacht ón slíos sin le sochar ná maiteas dúinn." Ansan tug lomnochtán grian agus éasca, muir agus tír, i gcoraíocht agus i slánaíocht gurá fíor gac a ndúirt.

17. A haitle ná mbriatar sin do tógadar na seolta saibhre ró-áille, agus do bíodar as taisteal na mara ró-anfaió go ceann naoi lá, agus i gcionn na ré sin do conaiceadar tír taitneamhac agus foscaó álainn oileán ar a gcomair ; agus téir i dtír ann, ac Conán o'fan sa loings, óir níorb áil leis an bia agus an deoc sár-mait do bí inti o'fágáil gan éit-eam, agus adúirt nac fágad an long coíce go n-íosfaó agus go n-ólfaó a raib de bia agus de deoc inti ; agus tar éis a coirp a líonaó, do tit i dtóiréim suain agus síor-córlata.

18. Dála an octair curad eile o'fiannaib éireann, do cuadar don dúin agus lomnochtán mar eolaí acu, agus ar ndul istead dóib ann, ba mór an tógáil intinne agus meanman do luét galair agus easláinte beir as féadain ar an dúin ríoga ró-maiseac sin ; agus ní bfuairadar istig rompu ann ac don cáilleac amáin cruaid-cuisteanac lom-chnámac ba mó uamán agus urgráin den droing daonna ; óir ba samail le rinn sleíge gac ionga fada fíor-sona dá raib uirtí, agus ba gairbe ná mong capail an pionnaó dub-gránna do bí ar a maillib mochlaca mong-fada, agus clag-súile deargá

braicáí fíor-dóimne fána héadóan garb meirgeac mí-sciainn, agus ceann uirtí mar oigean méiseála, agus scrog-mhuineál mar fearsad as iompar an smurla glas-léit éinn sin, agus ba airde í de trí troite ná an lomnoctán, agus í arna folcáð de craichib broc agus feara poc ionas gur anaéain mór, an-uamán, agus an-acmáinn don féacáin amháin a tabairt uirtí agus dob ionað ná deacádar na curáí calma sin i sceon agus i ngealtaíocht ar féiscin a hurgráine.

19. Gíó ea do bí iníon mall-rosac mín-dealbac gíua-dearg crut-álainn, dob fearr dreaic, dealb, agus déanam de mndib an domáin go com-iomlán, agus í ina suí i gcaaoir óir ar a gcionn. Do labair lomnoctán agus is é adúirt, "Suígi, a fiann Éireann, agus gurb é fíor-rún fíor-éaoín fíor-milis bur mbeata agus bur sláinte agus ná gabáð uamán ná gráin sib roim an mhaoi úto, óir is í siúto mo deansa, agus d'innis mé a tuarascáil ceana oib." "Dar mo briatar," ar Diarmaid ó Duibne, "gur mór den domán do siúileas agus ná faca mé in mo siúltaib bur leitíto de lánúin, agus dom dóig ná feicfinn dá siúilfinn an éruinne."

20. Ansan do labair lomnoctán agus is é adúirt, "Éirig, a iníon, agus tabair deoc cun na maite seo ó Éirinn." D'éirig an iníon go haimleasc mí-éapaio, óir ba érua agus ba leasc léi an buíon álainn arm-gléasta do milleað san cat san comlann, agus go háirite feillebeart do déanam ortu. Ac ceana do tug sí an corn cumdaite léi, agus idio fiann Éireann deoc as, agus dar leo féin níor

ibeadar riamh deoch ba taitniúla ná an deoch sin ; agus ar n-ól na dí don fear déanaí do titeadhar a n-airm as a lámhaibh, agus do éadaigh a neart agus a lúit ar dearmad uachtu agus do élaóclaiḡ a n-dealb agus a n-déanamh, agus do bádar as fearctainn allais le hanbainne, an buíon laóera sin nár gab gráin roimh dá méir trom-nirt ná tóir dá dtáinig orthu, ionas nac aitheoibh cara ná compánac iad trí meirfeacht a ngnéite agus olcas a scrúta.

21. Agus ar mbeir ins na rioctaiḃ sin dóibh, t'éirigh an píast anaitnío agus an dúil diablaí agus an t-atac uafar urgránna, agus do muiḡ a sean gáire air agus adúirt, “ A píann Éireann, conas taitníonn libh an rioct ina bfuil sibh anois ? Óir is mór m'fáltanas libh, óir is é Solla mac Morna do mairiḡ m'atair agus mo díe deartár, agus is é Oscar mac Oisín do mairiḡ deartáir m'atar, .i. Crom na Craige, agus is é Diarmaid ó Duibhne do mairiḡ deartáir rí na críche seo, .i. Rí an Oileáin Doilpe ; agus is iomaí anorlann tug píann Éireann ins na críochaibh seo riamh ; agus atá súil agamsa sin do dílt orthu go maite anois, óir meallfaibh mé píann Éireann uile amháil do meall mé sibhse ; óir do bí mé i bpoitribh doimhne i prinn ó bíos i gcionn mo sheacht mbliain, as poḡlaim gliocais agus gintliócta, ionas nac cumáctaiḃ duine i noraíocht agus i nḡintlióct ná mé ; agus ní deargann arm orm, agus do bainfínn na cinn díbse san áit i dtarla mé libh, mura mbeaibh go scaitfead rí an oileáin seo agus mór-uaisle na gcrióc atá i bpoḡas dó beir ar don látair.

22. “ Agus is amháibh déanfar libh, cruinniú in búr dtimpeall agus búr gcuid feola serios

“Díð le ceancairibí deargá, agus ina díad
sin dúr gcinn do dhain díð, agus a gcur in
airde ar éuilleacaibí pionncoille agus dúr
gcuir feola tabairt le n-íte do mádraibí an
dúna agus do dúr gconaibí féin.” “Dár ár
gcuibais,” ar Joll, “ní minic do beataíomairne
ár ngsaóair le feoil daoine riam, agus ní
creidim fós go mbeid roinnt ár gcuir feola
agsaibíse.”

23. D'éirigh an cáilleac ina seasam, agus
d'oscail a mór-béal agus dúirt go n-íosfaó
sí féin do látair iad. Ansin do gáð fearg
mór lomnoctán, agus tug sí santac cún na
cailli, agus tug an cáilleac sí ina coinne agus
ina comóáil, gur greamaíodar a céile, agus
do bádar as taétaó a céile atáir fáda, gur
gáð fearg lomnoctán, gur duail corp na
caili fó talam, agus do ceangal le slabra
atgárd iaráinn í, agus do cuir i gscarcair
daingim í, agus ansin do cuais d'ionsaí an
rí, agus d'innis dó fiann Éireann a beic ar a
cumas féin gan brí i gcois ná i lámh acu. Da
lúcaíreac an rí ón scéal sin agus adúirt go
mb'fearr agus go mba sásúla leis ná dá mbronn-
taí ceannas an domáin dó, an méir sin d'fian-
naibí Éireann do beic ar an aiste sin aige.

24. Dála na hiníne, táinig go fiannaibí
Éireann agus d'fíafraigh díóð conas do bádar.
“Is trua sin, a rín,” ar Diarmaid. “Atáimio
gan brí i gcois ná i lámh agáinn, agus dá mbeaó
sé ar do cumas-sa don cúnaim fortaéta tabairt
dúinn do beirim mo bríatar fíor-laocta dúit
go mba tú mo don-toğa de innaibí an domáin,
agus is ar intinn tú d'fáil mar innaoi tángamar
le lomnoctán.” “Is deimhin, a gaisciğ,”

AR SÍ, "MÁS FÍOR A N-ABAIR TÁ, GO DTÍURPATOSA
MO DÍCEALL CÚNAIM DÍB, CUN BUINE COM ALAINN
LIB A TABAIRT AS AMGAR, AGUS INSIM DÍB NAC
BPUIL FÁIL MAFPA AR LOMNOCTÁN SAN AIMSÍÚ SA
MBALL OÐAR ATÁ FÁ BUN A CLUAISE DEISE," AGUS
DO CROM SÍ AS SOL IS AS CAOÍ GO TUIRSEAC,
ÓIR DO LÍON SÍ DE SEARC AGUS DE GRÁ DIARMAIDA
UÍ DUBHNE.

25. DÁLA BRAIN AGUS SCEOLAINN, DÁ COIN
FINN, DO BÍ INA BPOCAIR, DO CUADAR DON LOINN,
AGUS DO DÚISIODAR CONÁN. D'AICIN CONÁN AR
GLAMAÍL NA SCON GO RAIB A CUIDEACETA IN ÉIGEAN
MÓR NÓ I MBROIO ; AGUS D'ÉIRIÐ GO PRAP AGUS
DO CONAIC AN DÚN I BPOGAS DÓ, AGUS AR NDUL I
SCOMPOGAS DON DORAS LABAIR DIARMAID LEIS
AGUS ADÚIRT, "A CONÁN NÁ TAR NÍOS POISCE
DÚINN, ÓIR ATÁIMIO FÁ DRAÍOCT AS LOMNOCTÁN
AGUS TÁIMIO SCARCA LE FIANN ÉIREANN GO BRÁC
ARÍS, AGUS D'INNIS MÉ DÍB NÁR DÚINE CÓIR
LOMNOCTÁN ; AGUS, A CONÁN, IS TUSA IS CIONTAC
LEIS AN MBROIO SEO, AGUS IS É IS INDÉANTA DUIT
ANOIS IMEACÉT DE LUAS COS AGUS SAN FANÚINT
LE COMRAC NA PEISTE SIN, ÓIR NÍ DEARGANN
ARM AIR, AC AMÁIN BALL OÐAR ATÁ FÁNA CLUAIS
DEIS, AGUS BEIR SCÉALA LEAT GO HÉIRINN AR GAC
AR IMIÐ ORAINNE, AGUS NÁ LIS LE HAON DÚINE
EILE TEACÉT LE LOMNOCTÁN, ÓIR ATÁ SÉ D'INTINN
AIGE AN FIANN UILE DO MEALLAÐ LEIS AGUS A
MILLEAÐ, AGUS IMIÐ I LOINN LOMNOCTÁIN SUL
TIOPAS SÉ."

26. SCAIRTEANN AGUS SCRÉACANN CONÁN AGUS
ADÚIRT NAC RACAD ABAILLE GO HÉIRINN COÍCE
SAN IADSAN, AGUS Ó BAOAR AS CUR MILLEÁIN
AIR GO NDÉANPAÐ SÉ FÉIN BLOGAINNA BEAGA DE
CORP LOMNOCTÁIN, AGUS NAC FÁGPAÐ FEAR NÁ

bean sa gcríe go léir san tíotú ina n-éiric, agus leis sin ríteann fá d'áil lomnoctáin, agus san am sin do bí lomnoctán as teacht, agus beireann Conán ar b'ráid air, agus do síl a múcaó san stad. Gíó ea is amhlaid do bí an péist, gíó gur éaol a cosa agus a muineál agus gur trom a ceann agus a d'á spáis, ba tuinsiúil tréan neartmhar é agus ba tailc toll-dorb, óir an t-am do beiread Conán béim coilg nó sáitead sleighe air, do scinnidís de amháil de cloic nó de carraig. Ac céana gabann an péist Conán ar éaol a meáin agus do treascair go lár agus go lán talún é, ionas gur lis osna éagomlaimh as, agus do ligeadar an t-octar curad eile nuall-gárta os aró astu ar b'feiscin Conán ar lár.

27. Dála con fínn mic Cúmaill, .i. Uran bit-buac bit-uasal, ar b'feiscin Conán amhlaid sin, beireann ar éluais deis na péiste agus do leadair agus do leoiḡ i ó éndám go hincinn, ionas go mb'éigean do lomnoctán a g'reim a scaoilead de Conán agus iompó ar Uran dá dícur as. Is amhlaid bí lomnoctán, ní raib oiread an orlaig dá corp ar a n-deargfad arin ac an t-aon ball amháin sin, agus do bí de méio an bua do bí as Uran seac gac cú eile go dtarla an ball sin leis seac aon ball eile, óir ní raib díis sa b'fein ba lia bua agus do b'fearr as ná Uran agus Conán, gíó nárb'feasac iad fein de.

28. Dála Conán, ar scarad lomnoctáin leis, éiríonn ina seasam agus beireann ar sleig tharmata uí Duibne, .i. an craoiseac dearg naé tug urcar riam ar mearbhall, agus beireann ar an slabra do bí fá b'ráid Urain, agus tarraingeann a ceann as an gcréact. agus sáiteann

AN TSLEA AR LORG NA CREÁCETA DO RINNE AN CÚ I
SCLUAIS LOMNOCTÁIN. SUR ÉUIR AN TSLEA TRÍNA
INCINN, SUR ÉIT LOMNOCTÁIN MARB AR AN LÁTAIR.

29. DÁLA MNÁ LOMNOCTÁIN DO BÍ FÁ GLAS MAR
ADÚRAMAR, MAR D'AITIN SUR MARBÁD LOMNOCTÁIN,
DO RÉAB NA CEANGLAÇA DO BÍ UIRTÍ AGUS BRISEANN
AMAC TRÍD AN DORAS PRÁIS DO BÍ AR AN DUINSIÚN,
AGUS RÍTEANN I SCEANN CONÁIN, AGUS DO SRAC
AGUS DO SRAOIL A RAIB D'FEOIL AGUS DE LEATAR
AR A CEANN DEN FOBA SIN DÁ HINGNIB FADA
FÍOR-GONTA, IONAS SUR BÉIC AGUS SUR BÚIR
CONÁN ÓN SCRÍOS NÍME TUG AN CAILLEAC AIR. LEIS
SIN BEIREANN SCEOLAINĜ, .i. CÚ EILE FÍINN AR
SCORNAÇ AR AN SCAILLIĜ, IONAS SUR COĜAIN ĜO
SMÍOR AGUS ĜO SMÚSAC Í, AGUS SUR ÉUIR A SOC
AGUS A CEANN SIAR I SCORNAÇ NA CAILLÍ, SUR
TARRAINĜ A CROÍ AMAC AISTÍ, IONAS ĜO N'DEARNNA
MÍREANNA BEAĜA DÁ RAIB ISTIĜ INTÍ, SUR ÉIT
MARB TRASNA LOMNOCTÁIN.

30. ARNA FÉISCIN SIN DON ÓĜ-RÍN TUG SÍ LÉIM
IN UÉT DÍARMADA UÍ DUIDNE AGUS IS É ADÚIRT,
“ A LAOIC NÁR LEONAÐ AGUS A FÍR MÓIR NA
CRÓĜACETA, NÁ LIĜ DON AMAÐÁN MAOL SIN MÉ
MÁRÚ, ÓIR ĜÍÐ SUR MISE TUG AN DEOC DÍB DO
RINNE BUR NDOÇAR, NÍ DOM DEOIN É, ÓIR NÍ
LIĜFEAÐ EAGLA LOMNOCTÁIN NÁ A MNÁ DOM ĜAN A
DÉANAM, AGUS MÁ MARPAR ANOIS MÉ ATÁ SÍBSE
ĜAN FUAŜCLAÐ COÍCE, AGUS MÁ ĜEIBIM CAOINNÁÐ
ANMA, DO BÉARFAÐ MO DÍCEALL CÚNTA DÍBSE.”

31. “ NA HUILE DÍOMÁ ORMSA,” AR CONÁN,
“ FÍR AN DOMÁIN AGUS MO CAIRDE FÉIN ĜO HIOMLÁN
MÁ ŠAORFAIDÍS ORM TÚ ĜAN FEOIL AGUS FÍONN-
LEATAR MO ÉINN DO DÍLT ORC, AGUS AN EASMAILT
DO TUGAIS DOM, MEAS ÓINNÍDE DO TABAIRT

orm," agus leis sin do tógair an tsleá do éur trína corp agus a cliab. "A Conán," ar Diarmaid, "ná maraig an iníon do gab coimirc aghamsa, agus cuimhnig sur mé do tús as Druin an Caortainn tú, agus tú ceangailte inti d'úir na talún, agus ó táimse agus mo éirdeacta anois ceangailte anso is cóir duitse do díceall do déanamh cun sinn d'fhuasc-laó, agus gan siocair mílte a déanamh dúinn, agus is maic an sásamh duit i do créactaib sur éit lomnoctán agus a bean leat." "Más ea," ar Conán, "noctad sí domsa gan cairde conas do déanfaid sí fuasc-laó d'ib, nó luim fám armaid saisce go ligfead a' hadac agus a hionatar aisti, agus go dtiúrfaid a cuid feola le n-ite do m'adraig na tíre."

32. "Noctfaid gan moill," ar an iníon, "óir is é rí an oileáin seo m'atairse," ar sí, "1. rí an Oileáin Doilpe, agus atá a tóin i bfeogas don tóin so, agus slua an oileáin seo cruinníte aige le huict sibse d'fheiscint do búr bfeoil-coscáirt amárac, agus do síl lomnoctán sibse uile do meallad trí d'raioct, agus sib a éur cun báis le feall. Agus atá corn clocbuac ag an rí, agus níl aimsiú d'raiocta ná diablaiocta nac fóirfead ac deoc d'ól as, agus is é déanfaid sibse ceat do tabairt domsa dul mar a bfuil an rí, agus cuirfead grian agus éasca, ranna mara agus tíre i gcoraioct agus i slánaioct orm féin fillead oraidse arís leis an gcorn d'fáil nó gan a fáil, óir ní ligtear i láimh neic sa domhan é ac don bainrín amáin agus domsa, agus atá súil agam, dá bfaiginn dul cun an tóina sul do geobaidis scéala báis lomnoctáin, go bfaiginn an corn

le tabairt cùgaibse, agus san sin níl fáil furtacta ná fuasclaite oraibse go bráde."

33. Do mhol Diarmaid, Oscar agus Solla an rín do ligean amac ar éionn an éoirn o' fáil. "Ní hamlaib deánfar," ar Conán, "ac raádo féin léi, agus béarfao an corn agus ceann an rí anso cùgaibse." "Trua sin," ar an iníon, "óir ní béarfao mórán slua ná socháí an corn leo, óir is iomaí tréan-míle agus gaiscíoc gálaé gníom-éactaé i tteaglaé m'atar-sa anois ina éoinneact, agus mura bfaigse mise teact ar an gcorn le ceilt, ní bfaigib fiann Éireann uile le foirneart é." "Dar mo cúbaí, áin," ar Solla, "dá mbeimis ar ár réir féin, ní iarrfaimis le cluain é, ac de los cata nó comraic. Sib ea, molaim do Conán tusa ligean dá iarraib go bfiannam do éoinneall."

34. Ansan do gluais an rín, agus ní dearna osad ná cónaí go ráinís mar a raib a haéair. Fáiltíonn an rí roimpi agus o'fiapraís éi conas do bí an éronn sin o'fiannaib Éireann o'fás sí dá héis. Adúirt sise, "Atáio go meirb marbúlas," agus go raib súil as éomnoctán fiann Éirinn uile do méallaó mar an gcéanna. Do muis a sean gáire ar an rí, agus adúirt nár gairib leis féin téarma a saoil ac go bfaigead sé an méid sin o'fiannaib Éireann le víceannaó, óir níor cás leis teact ar an gcuid eile dá mbeaó an naonúr sin den tsaol, agus adúirt leis an mbainrín an corn cloé-buaé a tabairt léi go n-ólfaó sé deoc lúchára fá tuairim an scéil sin.

35. Táinís an corn agus o'ib an rí deoc ar an iníon, agus adúirt léi a insint do éomnoctán

go mbeadh sé féin go maithib a tíre agus a
 raib de clannaib rí ó tíorthaib eile ina focair
 i moé na maithne arna máraic in airiceas ceann
 Diarmada, Šoill agus Oscair agus cáic eile.
 Šlacann an iníon an corn, agus an t-am fuair
 tain ar an rí agus ar an teaglac, éalaíonn
 a nac go huaisneac, agus ní dearna cónaí go
 ráinig fiann Éireann, agus ba lúcháireac iad
 roimpi. Do líon sí an corn agus o'fiapraig
 de Conán cé acu o'fiannaib Éireann ba maith
 leis o'fuascladh ar dtús. Adúirt Conán, Šio
 go rabhadar a dís deartár ann, Šurb é Diarmaid
 ó Duibne fear dob ansa leis dá raib sa d'féinn
 de d'ri Šurb é is mionca tug fúrtac agus fóirtin
 uó agus do coisc a cart agus a ocras le bia
 agus le deoc, agus uime sin adúirt léi é
 fuascladh ar dtús. Leis sin dáileann an rín
 an corn do Diarmaid, agus ní túsca o'ól
 Diarmaid an deoc ná táinig a neart agus a
 d'ri ann, agus o'éirig ina seasam agus tug
 teora póg don inín, agus tug an corn do Šoll,
 agus o'ib deoc as, agus o'ibeadar uile in
 áit a céile deoc as an Šcorn, agus táinig
 a neart agus a lút, a d'ri agus a meánma do
 Šac n-aon díob ionas go mba súc so-meánmnaic
 fiann Éireann dá héis.

36. Do bí ceann Conáin coscarta ó ingnib
 na caillí, agus an craiceann ar liobarnaig
 anuas ar a plucaib. Téir Diarmaid amac
 agus do teagmáig fóisc éaoraic air. Do maraig
 Diarmaid an fóisc agus do coscair í, agus tug
 an craiceann isteaic, agus do deasaig ar
 ceann Conáin é, agus do dearr agus do blátaig
 é, ionas Šur Šad leis an Šcneir úir amail
 craiceann nádúrta, go ndúirt Diarmaid, " Dar

liom, a Conán, is maith do cuais comhrac na caillí duit, óir is maith tagann do cáipín duit, agus go maire tú é ! ”

37. “ Na huile díomá ormsa,” ar Conán, “ tá mba neac eile ac tusa adéarfaid sin liom, go ngearrfaínn an teanga tuisleac trasna tubaisteac do can an baot-glór as an mbéal bpuisleac bpusac, agus go tteilgfinn í cun maoraí an baile. Agus, a Díarmaid na mban, is é ba cirte dúinn a déanamh dul d’ionsaí rí an Oileáin Doilpe agus ár agus easpa a cur air féin agus ar a muintir in íoc peola agus pionn-leatair mo éinn, agus faigean colas ón inín.”

38. “ Dar mo briaotar,” ar Oscar, “ is maith an sásam ina bfuair tú d’anorlann an scéim do cuir an cáipín ort, agus an lomnoctán agus a bean do titim leat.” “ Dar mo briaotar, a Oscair,” ar Conán, “ sur ró-beas den miasa do bí ort ó cianaid, agus mura mbea a feabhas do saotrais mise le comhrac na n-atac, go mbea d’ur gcinnse uile níos measa ná mo ceannsa go luac, agus na huile tubaiste eugamsa, an céad duine eile, cara ná namha, déanfas fonóir fúm timpeall mo cáipín, go n’éanfaid goin galann de, agus fós na déanfaid cónaí go bfaigead sásam an miasa ó muintir an rí.”

39. “ Trua sin,” ar an iníon. “ Is tuargain dara de d’ornaid, nó snám in aghaid easa, nó cur saio um gainim, dul cun teaglais m’atarsa cun sin do déanamh, óir is iomaí laoc lán-cálma ar teaglac m’atarsa anocht ar ar do a n-aighe agus ar uaidread a meanman, agus is é is inéanta díbse, ó tá sib do d’ur réir féin

agus gan sib líon cata dóib siúd, triall go héirinn i loing lomnoctáin do tug anso sib, agus racaosa lib, ó ní beaó maic dom as fanúint in búr ndiaib, de bhrí go ndéanfaí min agus luait díom ; agus do béarfam seirde agus maoin linn mar aon lenár ndóctain bíd agus dí."

40. " Ná bíod eagla ort roim aon duine dá bfuil san oileán," ar Conán, " óir na huile díomá ormsa má fásfaimíone iontu dochar do déanam do duine ar bit, agus má cuala mé riam de ceol ná d'oirfídeat do b aoidne liom ná an oiread sin dom eascairíob d'fáil i bpochair a céile ar aon láchair. cum a dtuargana, agus má tá aon ní is mó a buaireann mé ná roga sacla bíd a beit acusan, agus mé féin agus an méid atá im cuideactain a beit taob le fuilleac lomnoctáin, agus má tís tú liom anois, a Diarmaid," do ráig Conán, " go mbuarfaimid a meadair, ionas gur lúide ár ndóchar amárac é." " Níor diúltaig mise dua ná dochar riam," do ráig Diarmaid, " agus níor cóir dom tusa diúltaó anois, a Conán, óir is tú d'fhuascail mé féin agus các mar aon liom."

41. Gabann Diarmaid a culaib cata uime, mar atá éiríod glúit daingean um a caom-corp, a dá craoisig crann-reamra cata, a claidéam cros-órta clais-leatan tar a taob éli, a sciat mór míleata ar stua-leirg a droma, agus triallann féin agus Conán tar doras an dúna, agus do bí an rin agus Solla agus Oscar as toirmeasc an turais sin ortu, ac níor gabadarsan an toirmeasc sin uatu, agus adúradar leo dá dtitíois, gan an t-oileán d'fásáil go mbainfíois sásam amac ina mbás.

Is ansan do ghlaiséadar an tís dea-laoc sin ina n-uacht agus ina n-aonar nó go rángadar an tóin doilpe mar a b'acadar an rí agus mórán t'uaisliú na hAfraice ina timpeall, agus iad as ól agus as doibneas, agus ar roctain an dorais dóib t'fánadar as éisteacht, go gcuadar iad dá maíom lena céile a fusaíocht dóib treisiú ar an b'féinn, ó bíodar an naonúr do b'fearr gail agus gaisce dóib i mbroid acu.

42. "A Conán," ar Diarmaid, "is é is inéanta duitse fuireac as doras an tóina, t'eagla go dtiocfaid don tóir i leit ár gcúil orainn, agus mise a t'ul isteach agus fáilte eascairdiúil a cur rompu, agus a cur in uimail dóib nac b'fuil don neac t'fianmaib éireann i mbroid ná i mbraighdeanas acu." "Na huile díomá ormsa," ar Conán, "má fánaim; ac sibé ball cúng nó pairsing i raicairse, go raicad leat, agus gur maic liom dá méid tóir agus trom-neart dá dtiocfaid orm." Leis sin téid Diarmaid isteach, agus do lean Conán é, agus ar n'ul isteach do Diarmaid tug sí satac cun an rí, agus treascraim go lár agus go lán-talam é, agus tarraingeann an mionn ríoga dá ceann, agus adúirt le Conán é ceangal le cruaid-cuibreach. "Fás taob liom é," ar Conán, agus leis sin ceanglann Conán é go dochradeac, agus do bainfead a ceann de mura mbead an deitneas do bí air cun a boilg do líonad leis an mbia agus leis an tíg do bí ar na bordaib ar fead an tí.

43. Leis sin do érom as alpa agus as sloca toga a súl den bia agus den tíg milis meisciúil, agus Diarmaid as leora agus as tréan-tuargaim na slua, ionas go n'earna

fás folam timpeall an doird, agus tug easpa féinnid agus fíor-óglác ortu ar an láthair sin, agus an méid nár tit le Diarmaid ansin díod, do cuadar i sceon agus i ngealtacht trí fúinneogaib agus trí mion-pollaib an dúna amac, óir do síleadar gur tiub-álua nó socaí agus anorlann, eactrann do táinig ortu, agus do lean Diarmaid iad.

44. Ac céana, an fear do bí Conán ag tacar tosa gaca dea-bíod dá bface, táinig an bainrín agus do scaoil gac cruaid-éangal dá raib ar an rí gan fíos do Conán. Dearcann ina timpeall agus ní bfuair neac dá cairtib ná dá naimtib ar fear an tí, óir do lean Diarmaid an teaghlac amac sa bfaice, agus an t-am tr mótaig Conán gur éalaig an rí uaid do gá náire mór é, ionas gur cuma leis a bás nó a beata, agus fós gan scéala Diarmada aige.

45. Leis sin do chuaig amac tar doras an dúna, agus tarla fear de muintir an rí air, agus síl an t-óglác gur dá muintir féin Conán, agus adúirt leis gan dul níos sia, "óir atá don tréan-míle amáin, agus a méid os gac laoc, agus is é is áille dá bface-sa de daoineib riam, agus ní tig neac beo óna beimeannaib." "Cá cian uaim é?" ar Conán. "Atá sé i sceart-lár na faice, agus an teaghlac uile ina timpeall, agus ní tig leo uile é cosc," ar an t-óglác. "An bfaceais an rí?" ar Conán. "Do tarla sé liom," ar an t-óglác, "agus é ag dul go tig lomhoctáin dá tabairt leis go n-imreod sé draíocht ar an laoc úd, agus go scuirfead sé cun báis é mar don le droing o'fiannaib éireann atá i mbraigoeanas aige."

46. “Na huile díomá ormsa,” ar Conán, “má conac riamh scéalaí is binne ná tú, agus is dearbh go dtiúrfaíosa luac do scéalaíochta duit, agus cé síleas tú a beit agat anso?” “Ní fearad,” ar an t-ógláic, “murb de mhuintir an rí tú.” “Ní hea,” ar Conán, “agus ní háireofar tusa ar a mhuintir níos sia,” ag bualadh béime éalaidh air gur teasc a ceann dá colainn, agus riteann ag tabairt furtaíochta dá caraíocht agus dá compánac Diarmaid, gurb ansin tug sí sántaíocht i gceart-lár a namhad, mar a gcuala gáir na sciath dá scoltaíocht agus osnadh na bfeair-ógláic do tit le béimeannaibh Diarmada, agus gabann dá leathradh dá deis agus dá éil go ráinig gus an scró cata do bí timpeall Diarmada. Is ansin do tug an vís gaiscíoch sin ár san áireamh agus cofaíocht coiteann ar sluaicibh, ionas gur síleadar gur iomaí slua eadtrann do táinig orthu gur scaipeadar i ngeall ball agus go dtugadar cúl don vís gaiscíoch sin ionas gur fásadh Diarmaid agus Conán ina n-uachtar agus ina n-aonar.

47. Ansin do lorg Diarmaid de Conán cáir fás sé an rí. Inseann Conán dó gur scaoil duine éigin de san fíor dó, agus gur éalaidh sé uaidh. “Is ag ite cuaidh tusa, a Conán,” ar Diarmaid, “agus ní ag faire an rí.” “Éist anois, a Diarmaid,” ar Conán, “agus ná bí dom aicisiú fá bia d’ite, agus a fíor agat gur mór a teastaidh sé uaim, ac ghlaisimis anois gan mhoill ar eagla a imeachta uainn, óir adúirt ógláic dá mhuintir a earla liom ar an bfaice gurb d’iarrad lomnochtáin do cuaidh sé cun draíochta d’imirt ortha.” “Más ea,”

AR DIARMAID, " ní baolac dúinn ná coimeádaí
 an muintir atá in áit Lomnoctáin greim air,
 agus nac bfuil a fíos agatsa, a Conán, gur
 cuir tú féin agus Urian an Lomnoctán ó
 draíocht t'imir ar éinneac? agus créau do
 rinnis leis an óglac t'innis na scéala sin
 duit? " " Do rinneas dá ordán dá corp
 le béim claidim," ar Conán. " Dar mo
 briatar," ar Diarmaid, " maicim an rí a
 ligean uait anois." " Maicir," ar Conán,
 " mar tá a iníon ina mhaoi agat, ac na huile
 díomá orm sa má tá de saol aige ac ar feadh
 mise dá roctain." " Déan do roga ní leis,"
 ar Diarmaid, " ac seachain do teanga orm
 feasta."

48. Cíó tráct, do leanadar an rí go deif-
 reach agus ní mór do ráinig leis dul isteach
 go tigh Lomnoctáin an t-am do bí Diarmaid
 agus Conán isteach ina thiar. Dob ionad leis
 an rí an buíon curad do fuair istigh ar a cionn,
 armta éidite, agus a iníon ina suí ina measc,
 agus i i gcóineas comrá leo. Fiafraíonn
 ar sin cá raib Lomnoctán. " Cé tusa atá dá
 fiafraí? " ar Conán. " Mise rí an oileáin
 seo," ar sé, " agus atá droing éigin do táinig
 san fíos san airiú dúinn ag díotú ár muintire,
 agus is é is mian liom Lomnoctán a tabairt
 liom go n-imreod draíocht orthu, ionas go
 gcuirfinn cun báis iad mar don le droing
 t'fiannaib éireann atá i mbraigdeanas aige."
 " Na huile díomá ar an mbéal dtuisleac
 do can an searb-glór sin! " ar Conán. " Nó
 an gcuala don duine riam caint com hóin-
 mudiúil, com beag t'éipeact! Duine dá maíom
 go gcuirfeadh sé an muintir a bfuil sé istigh

ina lár cún báis ! Agus tuillead tubaiste agus doghrainge eugamsa gur gairio go múnfead an t-eolas duit cún lomnoctáin ”—ag tabairt amais ar an rí agus dá treascairt cún talún, agus dob áil leis a ceann do buain de.

49. Do scread an rín ar fíannaib Éireann san a lizean don fear mór sin ar a raib an caipín a hatair do marú. Leis sin d'éirigh Söll agus do bain an rí as lámh Conáin ; agus do cuir ina suí idir Diarmaid agus Oscar é, agus inseann scéala lomnoctáin dó ó tús go deiread, agus gurb é Diarmaid agus Conán eug an ruatar úd fána muinistir, agus naé raib don rí sa domhan mór do béarfað barr ar fíonn ná ar fíannaib Éireann. “ Más ea,” ar an rí, “ ó táimse ar bur gcumas, tugaisí cairde anma dom, agus déanfað bur doil as so amac go brác.”

50. Do geall Diarmaid, Oscar agus Söll agus an fíann uile sin dó ac Conán, agus is é adúirt Conán, “ A Diarmaid na mban, do molfása an comairle sin go maic, mar súil go mbead iníon an rí agat féin mar mnaoi, ac na huile díomá ormsa, in áit na díola do síleadarsan a tabairt orm féin, agus oraidse, go ndéanfað mise mion-greamanna de corp an rí agus go loiscefað a dúin agus a dea-baile.” “ Ní mar sin is cóir,” ar Söll, “ ac taise le trua agus troit le tréan, agus is cóir dúinn géillead don rí agus san gnás gac cine a brisead.” Aontaíonn Conán impí na n-uasal agus do ceanglað síot agus caradas idir iad féin agus an rí, agus tugad an iníon darb ainm Uláfar Sciamaic mar mnaoi do Diarmaid, agus do geallað seirde uaisle do Söll, d'Oscar

agus do cáic eile, agus do éuaig an rí as a haitle dá dún. Do cruinníodar maite agus mór-uaisle na críche timpeall an rí, agus d'innis an rí dóibh gac ar imig air ó scar sé leo, agus mar d'aontaig sé a iníon mar mnaoi do Diarmaid ó Duibne.

51. Iomtúsa an Macaoim Móir, mac Rí an Domáin, nó do bí i bfocair rí an Oileáin Doilpe mar aon le clannaibh rí eile, fán am i dtáinig Conán agus Diarmaid go dún an rí i ndáil óil agus aoidhis i ndún fá leit leo féin agus an t-am do éualaíodar na héacra do rinne an dís dea-laoc agus an dá míle mear-cálma, tángadar go dún an rí tar éis an áir, ac níor bfeas dóibh cé hiaid ná cá conair ar gabadar go dtáinig an rí tar a ais, agus an t-am éualaíodar go ndearna an rí cleamnas le fiannaibh Éireann is é adúirt an Macaom Mór—"Do gheall tú an iníon sin domsa, agus beirim briatar ná beir sí as fiannaibh Éireann óir bainfeadsa amac i d'ais nó d'éigean, óir níl ar droim talún rí ná flait ná ró-tiarna dá ligfinn leis i d'eagla a lámhe, agus," ar sé, "rácad féin agus dá céad laoc lán-cálma atá mar aon liom, agus bainfead a gcinn den naonúr laoc sin d'fiannaibh Éireann, agus ina diaid sin ná déanfad osad ná cónaí gan dul d'ionsaí na hÉireann, agus go gcuirfead an tír uile fám smaect; ionas ná háiteoid aon duine de shloect gaeil glais inti go mbrac arís."

52. Do mól Maonas ór-armac, mac rí an Oileáin Doilpe, an comairle sin, "agus pós," ar sé, "rácad féin agus maite na ríocra mar aon leat, agus dá mbead gan aon duine beic im fofair ac mé féin ná tiurpáinn bean

ná maoin d'fhiannaib Éireann ná d'éinnead eile dom ainneoin, agus is í mo comhairle uib," ar sé, "amas na hoíce anocht do tabairt ortu d'eagla go n-éalóidís uainn fá maidin." Do bí fán am sin i ndún an rí an Macaomh Mór, Ridire na Beilte Deirge agus cúig céad tréan-míle faoi, Dongas ós mac rí an Oileáin Dorca agus cúig céad gaiscíoch mar don leis, Tolamas Glún-duib mac rí na hÉigipte agus cúig céad ridire líon a cuideactan, Dáire Rua-armac mac rí tíre an Óir, agus míle fear profa ba líon a cuideactan; Lámas Laoch-armac mac rí na Sorca, agus trí céad saigeadóir fána comhairle; agus an cú ioraile agus an lasair loisneach agus an bíoba baolach, Gruagach Dúna an Óir, agus dá céad ánrath ainmíanaíoch dá réir, agus adúradar na tréan-míle sin uile go raicidís mar don le mac an rí agus le mac rí an domáin, ionas go mbeadh sé d'onóir acu beic ag comhrac le fhiannaib Éireann.

53. Do bí an rí ag toirmeasc an gníoma sin ortu go mór, tar éis é péin do déanamh síochta agus muintearais le fhiannaib Éireann, "agus," ar sé, "níor cóir síochta a briseadh leo, óir is iad súd péin atá onóraíocht agus seasmaíocht dá bpocal, agus pós is é mo tuairim, dá mbeadh an oiread eile aguibh ann, ná tiocfaid slán ó fhiannaib Éireann, óir níor buadh riamh ortu, agus atá a fíor agam anois ná buafar coíche ó cuadar de Lomnochtán." Adúirt Maon-as Ór-armac, mac an rí, ar maiteas na cruinne domanda naé stadfaid gan míreanna beaga buan-réabhtach do déanamh de corpaibh an naonúir sin d'fhiannaib Éireann. "Insim uib," ar

an rí, " má téann sib éun cata le fiannaib Éireann, nac don aghaid féin caspas le scéalaib d'ur mbáis, óir níor gabad treis ortu riam, dá méid do tiocfaid ina ndáil, agus ní buafar ortu go deiread an domain." Adúirt an Macaom Mór, mac rí an Domain Toir, ná bead an scéal sin le maíom ortu níos sia, óir go dtiúrfaid féin an naonúr sin leis ceangailte cruaid-éuibrite ina fianaise dá dún.

54 Iomtúsa Maonais Móir Ór-armta agus mic rí an domain agus na mac rí eile, agus na rídirí do bí ina bfarraid, cruinnid ar don láthair éun dul do díceannad fiann nÉireann, agus do bí an rí ró-buartha i dtead an caradais do rinne sé féin leo sin do brisead, agus do cuir tuine os íseal le scéalaib éun na féinne ar an trom-slua do bí ag triall ortu an oíche sin. An t-am do chualadar fianna Éireann an scéal sin do gab mire meanman agus dásáct aigne iad, agus gabaid a gcuilaite cata umpu. Is ansin adúirt an iníon gurb é ba cóir dóib a déanamh dul i loing lómnoctáin agus éaló abailte gan fios do slua an dúna. Do labhair Soll agus is é do ráig—" Ar tionscnaim mo gaisce dom féin do túsas móid lem gaisce do éosnam, agus gan teitead roim dá méid do tiocfaid de trom-slua im aghaid ar eagla báis nó buan-éaga d'imirt orm, agus an ní nac dearna mé riam ní toiseod leis anois, eadón mo gaisce do brisead."

55. Níor éian dóib mar sin go gcuiladar mór-ghair na slua dá n-ionsaí, agus ar dteact i bpozas don dún dóib do cuireadar don-ghair os ard uachtu, ionas gur clos fú na críochaib ba comneasa dóib an mór-ghair sin. " A

"Diarmaid," ar Conán, "ós sinne araon do
 tosaiḡ leis an mórgleo so, tar liom anois
 ionas go dtadbraimis cúis éaoi don muintir
 do lis an ḡáir allta so do éualamar." Do
 éuaiḡ Diarmaid agus Conán amac as a haitle
 sin agus tugaḡar trí leabhar-éuarta timpeall
 an dúna, agus do marbḡar cúis céad de
 ḡac cuairt díob, agus tángḡar isteaḡ ansin,
 agus d'íbeḡar deoc as corn na mbua agus do
 bíḡar slán-éreaḡtaḡ dá éis. Téid amac an
 dara feaḡt agus tugaḡar trí leabhar-éuarta
 eile timpeall na bruíne, agus do marbḡar
 trí céad do ḡac ruaḡar díob sin, agus tángḡar
 isteaḡ don dún agus d'íbeḡar deoc as an
 ḡcorn agus do leigḡasḡ óna ḡcreaḡtaib iad.

56. Do labair ḡoll ansin agus adúirt gur
 éoir dóib uile dul amac d'féacaín an bfaigíois
 an slua eaḡtrann sin do éloí sul d'éireoḡ
 an lá arna máraḡ. Ansan d'éiríḡar fiann
 Éireann amac as an dún agus tugaḡar ḡḡaib
 ar an slua agus ḡabḡar dá leonaḡ agus dá
 leaḡraḡ dá ndéis agus dá ḡclí, ionas gur
 cuireḡar scaoileḡ agus scaipeḡ ortu, agus
 an naonúr ḡaiscioc allmuraḡ dá ngreannú
 agus dá nólúḡú cun an báis : óir do ḡabḡar
 fianna Éireann dá leaḡraḡ amail faol-conaib
 oeraḡa craos-scaoilte trí mion-tréaḡaib caor-
 aḡ, nó amail míol mór trí mion-iascaib, nó
 amail seaḡac trí ealtaín de mion-éanaib,
 ionas gur com-luaḡ iad as ciorrú corp, caḡarr
 agus ceanna namaḡ. Ba fuilteaḡ féinní ón
 ḡcaḡ-ḡleo sin, gur ḡaḡ ḡoll ḡlac-láidir ḡlan-
 béimeannaḡ mac Morna tríoḡu mar buinne
 caibseḡaḡ tráan-aḡḡal as doḡtaḡ le slíos mór
 sléibe, bḡriseas agus scuabas roimpi ḡac ní

DÁ DTIS MA COMAIR, AGUS IS É TUARASCÁIL
OSCAIR AN-GLONNAIS MÍC OISÍN AMAIL TORANN
MÓR TINTÍ TOIRNÍ AS DORTAÐ AGUS AS BRISEAÐ
AGUS AS SÉIDEAÐ AS AN BFIORMAMAINC NEAMHDA
AS TUL FÓ NA SLUAIB, AGUS SÁDANN DÁ N-OIRLEAC
AMAIL FIOD COILLE DÁ DTEASCAIRT NÓ MAR
BRÚCT MÓR-FARRAIGE AS TRÉAN-BUALAÐ LE SLEASAIB
CARRAIGEACÁ LE HANFA SÁOITE. MAR SIN TÓID
UILE AR AON TSAMAIL.

57. CIÐ TRÁCT DOB É CRÍOC AN MÓR-COMRAIC
SIN NAÉ RAIB SAN MARÚ AR MAIDIN AS ÉIRÍ LAE
DE NA MÓR-SLUAIB SIN, AC AMÁIN AN NAONÚR
ÉIREANNAÉ AGUS AN NAONÚR PRÍOMH-LAOÉ ALLMURAC
DO BA TAOISIS AR NA SLUAIB, AGUS NÍ AR CLÁS NÁ
AR MÍ-LAOÉAS DO ÉUADAR D'ÉIS ÁIR A MUINCIRE,
AC AR MIRE MEANMAN AGUS AR DÁSACT AIGEANTA,
ÓIR ÉUGADAR AN NAONÚR ALLMURAC A N-AGAIÐ AR
FIANNAIB ÉIREANN, AGUS DOB AÐDAL LENA AICRIS
INNEALL AN COMRAIC SIN. AC CEANA BA GNÍOMAC
AN DEADAIÐ, BA TAOD-DEARG TAOISIS AGUS DEA-
LAOIC, BA DEALB-CORCAR DREAC-NIHMNEAC DEA-
FIR, SURD CIORRAITE CURAÍ SURD LEONTA LAOÉRA
ÓN LEADAR-GLEO SIN, AGUS FÓS DOB É SIN AN
COMRAC CRÓ-LINNTEAC CÉAD-FOINEAC COSCARCÁC,
AGUS AN DEADAIÐ DIAN DÍODÁLAC, AGUS AN UR-
LAIOCT OLL-DORB, AGUS AN TREAS TROM-FOINEAC,
IONAS SUR RÉADADAR COIRP AGUS CNEAS A CÉILE,
SUR COM-BRISEADAR A SCRÁOISEACÁ CRANN-RAMRA
SA SCAT-GLEO SIN.

58. ANSIN DO TARRAINGEADAR A SCLAIDIMTE
CROS-ÓRTA COLG-DÍREACÁ AS A DTRUAILLIB TAIISCE
AGUS DO RINNEADAR URLAIOCT TRÉAN TREADAR-
DÁINGEAN SUR ÉLOS A BPUAIM AGUS A BFOCRAM
I SCHAISAIB CRANN AGUS CARRAIGEAC SUR SÁDADAR
NA DÚILE DOMANDA COMSCEIMLE, IONAS SUR

éiríodar trácht dá gaoiṫ i dtuaisṫ an beata fá buinnibṫ an Oileáin Doilpe um an am sin, go ndearnadṫar comrac agus catú agus com-tuargain i lár na maige. D'fás tinteada agus toirnead, criot agus com-bogad, i gcat-raíab, i bportab agus i gcarraigib na tíre ina dtimpeall le huafás an comraic sin. Do éluintí sna críochaib ba comneasa dóib coigeadal na gclaiṫeam, gáir na sciaṫ ngeal-bolgaṫ dá scoltaṫ, agus osnaí na dtréan-míle ar ngabáil béimeann cata, go dtug gac fear cotrom cneá agus créaṫt dá céile.

59. Ac dob é críoc an comraic gur cuir Diarmaid ó Duibne an ga dearg san cáime, san claonad trí sciaṫ, scaball agus corp an Macaoim Móir ó uṫt go formna, óir is de Diarmaid do rinne sé céile comraic, ar n-aithne dó gur leis do shadmad an iníon, gur fás i marb-suan an báis é, agus do tit Maonas Ór-armac le hOscar, agus do tit Ridire na Beilte Uaine le Soll, agus do tit Ridire na Beilte Deirge le faolán, agus do tit mac rí na hÉigipte le hArt Óg, agus do tit mac rí tíre an Óir le Glas mac Aoh-éarda, agus do tit mac rí an Oileáin Dorca le Conán, agus do maraig garb garb-foltaṫ Gruagac Dúna an Óir, agus ba cnead créaṫtaṫ crólinnte trom-gonta na fianna d'éis an cata sin, ac do cuais Oscar cun an dúna agus tug an corn leis, agus d'ibeadar uile deoc as, agus tar éis na dí sin do bíodar slán-créaṫtaṫ.

